APPEAL AND COMPLAINT PROCEDURES

## *NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC AGUS GEARÁIN*

I gcás iarrthóirí a ghlac páirt i nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh siad aiseolas a iarraidh ar conas a d'éirigh leo sa triail scríofa, sna trialacha breise agus sna hagallaimh. Aon iarrthóir a mheasann gur cuireadh an nós imeachta i bhfeidhm ar bhealach mícheart agus/nó go ndearnadh botún ag céim ar bith den nós imeachta measúnaithe, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an iarratas uaidh/uaithi, agus féadfaidh sé/sí gearán nó achomharc a dhéanamh. Chuige sin, féadfar iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach laistigh de 20 lá féilire ó seoladh an ríomhphost inar cuireadh in iúl dó/di gur diúltaíodh don iarratas uaidh/uaithi. Ba cheart don iarraidh ar athbhreithniú an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a shonrú agus ba cheart na critéir a bhfuiltear ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ina leith agus an fáth a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh a lua go soiléir.

Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig Cathaoirleach an choiste roghnúcháin trí bhosca ríomhphoist tiomnaithe na Gníomhaireachta (jobs@era.europa.eu) a úsáid.
Cuirfear an cinneadh ón gCoiste Roghnúcháin ar an ábhar in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá féilire tar éis a (h)iarraidh a fháil.

| | |
|---|---|
| Má mheasann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, féadfaidh sé/sí gearán riaracháin a dhéanamh faoi Airteagal 90 (2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:<br><br>An Stiúrthóir Feidhmiúcháin<br>Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh<br>120, rue Marc Lefrancq<br>FR - 59300 Valenciennes<br><br>Ní mór an gearán a chur isteach laistigh de 3 mhí ón uair a cuireadh an gníomh a d'imir drochthionchar air/uirthi in iúl don iarrthóir.<br><br>Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus an cás sin a chur faoi bhráid:<br>Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh<br>http://curia.europa.eu/<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag AACC aon chinneadh arna dhéanamh ag Coiste Roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag an gCoiste Roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás ina ndéantar sárú ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin. | Is féidir freisin gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:<br><br>An tOmbudsman Eorpach<br>1, Avenue du Président Robert Schuman – CS 30403<br>FR – 67001 Strasbourg Cedex<br>http://www.ombudsman.europa.eu<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le gearán a dhéanamh faoi seach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus le hachomharc a dhéanamh os a comhair faoi seach faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |